
# AN IAR-BHUNSCOIL

# TÉACSLEABHAIR AGUS ÁISEANNA




AN GÚM

# An Iar-Bhunscoil
# Téacsleabhair agus Áiseanna

Sa bhróisiúr seo tá cur síos ar an soláthar atá déanta ag an nGúm do Shiollabais an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta mar aon le háiseanna tagartha a chuidíonn le daltaí tuiscint níos iomláine a fháil ar na hábhair atá á bhfoghlaim acu. Ina measc tá téacsleabhair, leabhair saothair, leabhair eolais, póstaeir, mapaí agus puzail míreanna mearaí.

## An Clár

Lch

### An Teastas Sóisearach


| | |
|---|---|
| Foclóir Póca | 3 |
| An Ghaeilge | 4 |
| Póstaeir | 6 |
| Teicneolaíocht Ábhar-Adhmad | 7 |
| An Ghrafaic Theicniúil / An Mhiotalóireacht | 8 |
| Saothair thagartha don Tíreolaíocht | 9 |
| An Stair / An Dúlra | 10 |


### An Ardteistiméireacht


| | |
|---|---|
| An Ghaeilge | 11 |
| An Stair | 13 |
| Staidéar Foirgníochta / An Fhisic / An Ealaín | 14 |
| An Mhatamaitic / An Gnó / An Téarmaíocht | 15 |



An Gúm
Foras na Gaeilge
angum@forasnagaeilge.ie
T: 01-6398427 / 8448
Lean sinn @angumfnag


# Foclóir Póca

Eagrán nuashonraithe agus nuadheartha den fhoclóir Gaeilge is mó díol riamh. Tá an fhormáid beagáinín níos mó agus tá cló daite ar na ceannfhocail a fhágann go bhfuil an téacs an-inléite agus é furasta le teacht ar an bhfocal atá uait.

*The Foclóir Póca is now available in a newly designed and expanded edition. It continues to be the market leader in Irish pocket dictionaries. With a new larger format and colour headwords the user will welcome the improved legibility and ease of use when searching the dictionary.*

- English-Irish and Gaeilge-Béarla
- Over 30,000 words and usage examples
- Phonetic pronunciation given for all Irish headwords
- Grammatical guide with verb tables
- List of geographical names

Tá treoir fhoghraíochta agus ghramadaí don Ghaeilge san fhoclóir agus anuas ar sin tá fáil ar líne ar bhreis treorach i dtaca le ceartfhoghraíoht na Gaeilge **www.angum.ie**




ISBN 978-1-85791-924-0

**€7.50**

## A a

a

**abaack** *adv*, **I was taken** ~ baineadh siar, stad, stangadh, asam
**abandon** *vt* tréig, tabhair do dhroim le
**abandonment** *n* tréigean
**abase** *vt* uirísligh
**abashed** *a* corrabhuaiseach, náireach
**abate** *vt & i* lagaigh, maolaigh, tráigh, **to** ~ **the rent** maitheamh a thabhairt sa chíos
**abatement** *n* laghdú, lascaine, maolú
**abattoir** *n* seamlas
**abbess** *n* ban-ab, máthairab
**abbey** *n* mainistir
**abbot** *n* ab
**abbreviation** *n* giorrú, nod
**abdicate** *vt & i* tabhair suas, éirigh as
**abdomen** *n* bolg
**abduct** *vt* fuadaigh
**abduction** *n* fuadach
**abductor** *n* fuadaitheoir
**aberration** *n* earráid, iomrall, saofacht, mearbhall, **mental** ~ saochan céille
**abet** *vt* neartaigh le
**abettor** *n* neartaitheoir
**abeyance** *n*, **in** ~ ar fionraí
**abhor** *vt* gráinigh, **to** ~ **sth** fuath a bheith agat ar rud
**abide** *vt & i* cónaigh; fulaing, **to** ~ **by one's promise** cloí, seasamh, le do ghealltanas; fanacht ar d'fhocal
**ability** *n* cumas, ábaltacht, inniúlacht
**abject** *a* cloíte, meata, lodartha
**ablative** *n & a* ochslaíoch
**ablaze** *adv & a*, **the house is** ~ tá an teach ar dearglasadh, faoi bharr lasrach, ina aon chaor amháin, ~ **with light** faoi shoilse
**able** *a* ábalta, cumasach, inniúil, infheidhme, ~ **to do sth** in ann, in acmhainn, in inmhe, rud a dhéanamh, **she is well** ~ **for her work** tá sí os cionn a buille
**able-bodied** *a* ábalta, urrúnta
**abnormal** *a* mínormálta, sonraíoch, as an ngnáth
**abnormality** *n* mínormáltacht, sonraíocht, ainspiantacht
**aboard** *adv* ar bord
**abode** *n* áitreabh, áras, baile
**abolish** *vt*, **to** ~ **sth** rud a chur ar ceal
**abolition** *n* cealú, cur ar ceal
**abominable** *a* adhfhuafar, gráiniúil
**aboriginal** *a* bundúchasach
**aborigine** *n* bundúchasach
**abortion** *n* ginmhilleadh; breith anabaí; mairfeacht
**abound** *vi*, **to** ~ **in** bheith lán, bheith ag cur thar maoil, le
**abounding** *a* flúirseach, raidhsiúil
**about** *adv & prep*, **walking** ~ ag siúl thart, ~ **the place** timpeall na háite, **round** ~ máguaird, **round** ~ **here** thart faoi seo, ~ **one hundred** tuairim is céad, ~ **Christmas** faoi, um, Nollaig, ~ **to do sth** ar tí, ar shéala, rud a dhéanamh, **anxious** ~ **sth** imníoch faoi rud, **she was** ~ **to leave** bhí sí ar tí, ar hob, imeacht
**above** *adv & prep* lastuas, ~ **the door** os cionn an dorais, **the water was** ~ **their knees** bhí an t-uisce thar a nglúine orthu, **the rooms** ~ na seomraí thuas
**abrasion** *n* scríobadh, scráib
**abrasive** *a* scríobach
**abreast** *adv* bonn ar aon, ~ **of each other** ar comhrian le chéile
**abridgement** *n* coimre, giorrú
**abroad** *adv* ar an gcoigríoch, thar lear, **at home and** ~ i mbaile is i gcéin, **from** ~ ón iasacht, **the story got** ~ d'éirigh an scéal amach



## A a

a

**a**[1] ə† *voc part*, **a dhuine uasail** Sir
**a**[2] ə† *part used with non-adj numerals*, **a haon, a dó** one, two, **Eoin Fiche a Trí** John the Twenty-Third
**a**[3] ə† *prep used with vn*, **síol a chur** to sow seed, **téigh a chodladh** go to sleep
**a**[4] ə *poss a* his, her, its, their, **a athair, a hathair, a n-athair** his, her, their, father, **a bhaile, a baile, a mbaile**, his, her, their, home
**a**[5] ə† *rel vb part & pron*, **an té a chuireann síol** he who sows seed, **an lá a baisteadh é** the day he was baptised, **an cat a d'ól an bainne** the cat which drank the milk, **a bhfuil ann** all that is there
**a**[6] ə *part used with abstract n denoting degree*, **a ghéire a labhair sí** how sharply she spoke
**á**[1] a: *poss a 3sg m & f & 3pl as object of vn*, **bhí mé á dhíol** I was selling it, **bhí sí á crá acu** she was being tormented by them, **tá siad á gceannach** they are buying them; they are being bought
**á**[2] a: *int* ah
**ab** ab *m*3, abbot
**abair** abər′ *vt & i*, *vn* **rá** say, ~ **an fhírinne** speak the truth, ~ **amhrán** sing a song, ~ **leis fanacht** tell him to wait, **ní tú atá mé a rá** I am not referring to you, **mar a déarfá** so to speak
**abairt** abərt′ *f*2 sentence, phrase
**ábalta** a:bəltə *a*3 able, able-bodied
**ábaltacht** a:bəltəxt *f*3 ability
**abar** abər *m*1 boggy ground, **in** ~ bogged down; in a difficulty
**abartha** abərhə *a*3 given to repartee, witty
**abarthacht** abərhəxt *f*3 wittiness
**abhac** auk *m*1 dwarf
**abhacád** avaca:d *m*1 avocado
**ábhach** a:vəx *m*1, ~ **gliomach** lobsterhole
**ábhacht** a:vəxt *f*3 jocosity, drollery
**abhaile** ə'val′ə *adv* home(wards), **chuir sé** ~ **orm é** he persuaded me of it
**ábhailleach** a:vəl′əx *a*1 playful, mischievous
**ábhaillí** a:vəl′i: *f*4 playfulness, mischief
**abhainn** aun′ *f, gs* **abhann** *pl* **aibhneacha** river
**ábhal** a:vəl *a*1, *gsf & comp* **áibhle** great, immense
**ábhalmhór** 'a:vəlˌvo:r *a*1 colossal
**abhantrach** auntrəx *f*2 river-basin
**ábhar** a:vər *m*1 matter, material; cause; subject; fair amount or number; pus, ~ **tógála** building material, ~ **sagairt** clerical student, ~ **trua** object of pity, **ag déanamh ábhair** festering, **tá sé ar a** ~ **féin** he is on his own, **ar an** ~ **sin** for that reason, **baineann sé le h**~ it is relevant
**ábharachas** a:vərəxəs *m*1 materialism
**ábhartha** a:vərhə *a*3 material; relevant
**abhcach** aukəx *a*1 dwarf, dwarfish
**abhcóide** auko:d′ə *m*1 advocate, counsel, barrister
**abhlann** aulən *f*2 wafer, host
**abhlóir** aulo:r′ *m*3 buffoon
**abhóg** avo:g *f*2 bound; bad impulse
**ábhraigh** a:vri: *vi* fester
**abhraiseach** aurəs′əx *f*2 spinner
**abhras** aurəs *m*1 yarn; handiwork
**abhus** ə'vus *adv & a* here, **taobh** ~ **den loch** on this side of the lake
**ablach** abləx *m*1 carcass, carrion
**abláil** abla:l′ *f*3 botching
**absalóideach** absəlo:d′əx *a*1 absolute
**abú** ə'bu: *int* for ever
**acadamh** akədəv *m*1 academy

# An Ghaeilge

## Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

Ar na téacsanna atá molta ag CNCM do shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí tá na leabhair seo a leanas:


**Cuirimid fáilte roimh iarratais ó mhúinteoirí ar chóip mhúinteora de na leabhair seo.**





ISBN 978-1-85791-905-9
**€6.95**




ISBN 978-1-85791-679-9
**€8.50**





ISBN 978-1-85791-455-9
**€7.95**





ISBN 978-1-85791-823-6
**€6.50**




ISBN 978-1-85791-272-2
**€5.95**




ISBN 978-1-85791-233-3
**€5.50**





ISBN 978-1-85791-045-2
**€10**

## Gluaiseacht

**Alan Titley**

Scéal coscrach cumhachtach á insint sa chéad phearsa. Scéal ógánaigh a thosaíonn i ndúiche atá faoi bhagairt ag cogaidh san Aifric agus a chríochnaíonn ar shráideanna dofháilteacha thuaisceart na hEorpa. Uafás agus daonnacht taobh le taobh a théann go croí cheist na hinimirce nua-aimseartha.

Tá taifeadadh fuaime den saothar á léamh ag an údar ar fáil ar ár suíomh gréasáin, **www.angum.ie**.





ISBN 978-1-85791-755-0

**€7.50**

# Ábhar Scíthléitheoireachta

## Faoi Cheilt **Thierry Robberecht**




Nuair a fheiceann Elsa, cailín óg Francach, campa gruama na dteifeach lena dhá súil féin, níl tógáil a cinn aici le náire. Ag snámhaíl sa láib atá muintir an champa agus iad ag cur fúthu i bpubaill a ligeann an t-uisce isteach. Ansin, cuireann Elsa aithne ar Shiriach óg darb ainm Bachir. Teastaíonn go géar uaithi cúnamh a thabhairt dá cara nua agus dá theaghlach … ach cad is féidir léi a dhéanamh agus gan inti ach cailín ceithre bliana déag d'aois?

Aistriúchán é seo ar an leabhar móréilimh, *La Cache*, leis an mBeilgeach, Thierry Robberecht.

ISBN 978-1-85791-978-3

**€8**




ISBN 978-1-85791-982-0

**€9**

Ar feadh dhá scór bliain chuir an scríbhneoir bisiúil Cathal Ó Sándair déagóirí na hÉireann ag léamh faoin mbinse scoile i ngan fhios do na múinteoirí. Seo chugainn i gcló arís an chéad dá leabhar a scríobh sé faoin mbleachtaire clúiteach Réics Carló. Tá na heagráin nua seo curtha in oiriúint do léitheoirí óga an lae inniu.

## Na Mairbh a d'Fhill **Cathal Ó Sandair**

Nuair a fhuadaítear an Dr Leon, eolaí rí éirimiúil atá ag obair ar aireagán sár-rúnda ar son Rialtas na hÉireann, iarrtar ar a sheanchara Réics Carló an cás a fhiosrú. Tá Réics muiníneach go n-éireoidh leis Leon a thabhairt slán – níor theip air riamh cás a réiteach. De réir mar a théann sé i mbun oibre, áfach, tuigtear dó go bhfuil rud éigin as an ngnáth ar fad faoin gcás áirithe seo. Beidh clisteacht, cúnamh agus a dhá dhorn de dhíth air roimh dheireadh na heachtra seo.

## An tEitleán Dofheicthe **Cathal Ó Sandair**

Tamall beag i ndiaidh meán oíche ar an 1 Feabhra 1943, déantar ionsaí fíochmhar, barbartha ar iompróir míleata agus é ar a bhealach go saotharlann rúnda i ndeisceart Bhaile Átha Cliath. Maraítear na saighdiúirí uile atá á thionlacan agus goidtear an lastas ríluachmhar atá istigh ann, an tEitleán Dofheicthe. Déanann na Gardaí mionscrúdú ar láthair an áir, ach níl ach fear amháin a bheidh in ann an cás casta seo a réiteach: Réics Carló, lorgaire príobháideach.




ISBN 978-1-85791-983-7

**€9**

## Póstaeir Bhalla 760 mm x 520 mm


€4 an póstaer




ISBN 978-1-85791-421-4




ISBN 978-1-85791-355-2



ISBN 978-1-85791-351-4



ISBN 978-1-85791-524-2



ISBN 978-1-85791-417-7




ISBN 978-1-85791-780-2




ISBN 978-1-85791-354-5




ISBN 978-1-85791-779-6



ISBN 978-1-85791-349-1




ISBN 978-1-85791-347-7




ISBN 978-1-85791-418-4



ISBN 978-1-85791-350-7




ISBN 978-1-85791-348-4




ISBN 978-1-85791-352-1




ISBN 978-1-85791-353-1




ISBN 978-1-85791-422-1




ISBN 978-1-85791-423-8



ISBN 978-1-85791-424-5



ISBN 978-1-85791-426-9



ISBN 978-1-85791-425-2


# Teicneolaíocht Ábhar–Adhmad

## Teicneolaíocht Ábhar–Adhmad

**Antoine Ó Finneadha**

Téacsleabhar nua-scríofa adhmadóireachta don Teastas Sóisearach. Cur síos glan simplí ann ar gach gné den siollabas, maille le léaráidí daite agus gluais de théarmaí chun cabhrú leis an dalta. Cur chuige praiticiúil ag baint leis an téacs. Spreagfaidh leagan amach tarraingteach an leabhair na daltaí le spéis a chur san ábhar.

Tá 13 chaibidil as an leabhar ar fáil ar **www.angum.ie** Obair idir lámha iad na caibidlí seo; mar sin, ní hé seo an leagan deiridh den ábhar.


Caibidil 13

**Cláir Mhonaraithe**

Cláir mhonaraithe a thugtar ar chláir d'adhmad saorga. Is as min sáibh, cáithníní adhmaid, veiníríagus ábhar eile adhmaid a dhéantar na cláir mhonaraithe. Is minic a úsáidtear cláir mhonaraithe seachas cláir adhmaid chun troscán saor a dhéanamh agus baintear an-úsáid as cláir mhonaraithe i dtionscal na tógála freisin.

Baineann go leor buntáistí le cláir mhonaraithe. Is éasca oibriú leo agus ní bhíonn cuid mhór de na lochtanna nádúrtha iontu. Ní minic a chrapann siad, cé go mbíonn méid mór iontu. Bíonn na cláir 1,220 mm x 2,440 mm de ghnáth. Dá mbeadh an méid sin i gclár adhmaid bheadh sé ag cuasú agus ag bórú. Bíonn neart maith i gcláir mhonaraithe i gcomparáid le cláir adhmaid freisin, agus ní bhíonn aon chuid díbh níos laige ná a chéile. Is minic a bhaintear úsáid as adhmad athchúrsáilte, fuílleach adhmaid, agus ábhair inbhuanaithe eile chun cláir mhonaraithe a dhéanamh. Úsáidtear a leithéid seo a leanas, cuir i gcás: min sáibh, géaga crainn agus crainn bheaga óga a leagtar mar chuid den ghlanleagan ach nach bhfuil aon mhaith iontu. Mar go n-úsáidtear cláir mhonaraithe in áit cláir adhmaid, laghdaítear an cur isteach ar fhoraoisí trópaiceacha báistí.



13.1 Cineálacha éagsúla clár monaraithe

**Na Cineálacha Éagsúla Clár Monaraithe**

| Cláir Lannacha | Cláir Cháithníneacha | Cláir Shnáithíneacha |
|---|---|---|
| Sraithadhmad | Clár sliseog treoshuite | Crua-chlár |
| Bloc-chlár | Slischlár | Clár snáithíneach meándlúis |
| Lannchlár | | Cláir snáithíneach ard-dlúis |

**clár monaraithe** manufactured board · **saorga** artificial
**cáithnín** particle · **clár lannach** laminated board
**clár cáithníneach** particle board · **clár snáithíneach** fibreboard

103




## Teicneolaíocht Ábhar–Adhmad (Téacsleabhar)

**Bill Gaughran**

Cúrsa iomlán an Teastais Shóisearaigh agus bunús mór eolais ann faoi cheird na hAdhmadóireachta


ISBN 978-1-85791-074-2 €15.50

## Teicneolaíocht Ábhar–Adhmad (Leabhar Saothair)

**John Gilligan**

Féadtar an leabhar seo a úsáid i gcomhar le haon téacsleabhar atá molta le haghaidh an chúrsa. Ceisteanna a éilíonn freagraí gearra is ea formhór na gceisteanna ann, agus iad curtha le chéile mar a bheidís ar pháipéir scrúdaithe an Teastais Shóisearaigh.

ISBN 978-1-85791-315-6 €7




# An Ghrafaic Theicniúil


## An Ghrafaic Theicniúil: Téacs agus Cleachtaí

**Philip O'Callaghan**

Téacsleabhar é seo a chuireann ar fáil an buneolas ar fad atá ag teastáil chun an Ghrafaic Theicniúil a thuiscint agus chun tabhairt faoin Teastas Sóisearach ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Cuirtear prionsabail gheoiméadracha os comhair na ndaltaí sa leabhar tríd síos, chomh maith le samplaí oibrithe de na prionsabail sin agus neart ceisteanna a bhaineann le hábhar.

ISBN 978-1-85791-672-0 €15




## An Ghrafaic Theicniúil: Téacs agus Cleachtaí

Leabhar saothair is féidir a úsáid i dteannta an leabhair thuas.

ISBN 978-1-85791-673-7 €6.50




## Miotalóireacht Bhunúsach

**Teicníochtaí & Dearadh Ábhair agus Teicneolaíocht**

**Seán Ó Tuairisc**


Téacs simplí, soiléir agus soláthar cuimsitheach ann le beagnach 400 léaráid agus fóclóir de théarmaí miotalóireachata. Tá leagan Pdf den téacsleabhar seo ar fáil ar **www.angum.ie**


€7.50

## Traenacha in Éirinn

Is deacair do dhaoine sa lá atá inniu ann an t-iontas sin a bhain leis na chéad traenacha a thuiscint ná a shamhlú féin. B'ionann agus spáslong a thuirlingt os a gcomhair iad na traenacha do mhuintir na linne sin. Is é atá sa leabhar seo, cuntas spéisiúil ar fhorbairt na dtraenacha agus na n-iarnród in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá cur síos bríomhar ann ar chuid de na heachtraí traenach ba mhó a rug aird an phobail i rith na mblianta sin, idir olc agus mhaith.

ISBN 978-1-85791-837-3 €9.50




## An tUisce: Sú na Beatha

**Beatrice Hollyer**

Is é atá sa leabhar seo cur síos ar an ngnáthshaol laethúil ag seisear leanaí ó thíortha éagsúla agus ar thábhacht an uisce ina saol. Tugtar léargas an-mhaith ann ar luach an uisce agus ar na bealaí éagsúla a bhíonn ag na leanaí chun teacht air, é a stóráil agus é a úsáid. Beidh an leabhar seo ina áis iontach sa bhaile agus ar scoil chun plé a thosú ar chaomhnú acmhainní luachmhara nádúrtha mar an t-uisce.

ISBN 978-1-85791-724-6 €7.50

## Éire: Léarscáil Bhalla


**600 mm x 840 mm**

Léarscáil iomlán daite le crochadh sa seomra ranga. Dhá thaobh atá uirthi ag léiriú na ngnéithe riaracháin agus na ngnéithe fisiceacha den tír agus iad rianaithe go soiléir.

ISBN 978-1-85791-446-7 €5.50








## An Chathair is a Tuairisc

**Rob Alcraft**

Spléachadh aisteach ar an domhan a fhaightear anseo. Radharc mar a gheobhadh duine a bheadh thuas in eitleán ag breathnú síos ar an domhan. Ach ní hamháin go bhfeiceann an léitheoir a bhfuil ag titim amach ar an talamh. Faigheann sé léargas ar an bhfodhomhan faoin talamh agus an bheatha rúnda uile atá ag maireachtáil ann. Saothar traschuraclaim atá sa leabhar seo. Gluais Gaeilge-Béarla ann.


ISBN 978-1-85791-359-0 €9

## Ré Órga na Mainistreacha

**Seosamh Ó Cinnéide**

Leabhar eolais é seo ina rianaítear teacht agus fás na Críostaíochta in Éirinn anuas go dtí na Meánaoiseanna. Tá an leabhar maisithe go lándaite agus neart léaráidí ríshuimiúla agus léarscáileanna ann.


ISBN 978-1-85791-475-7 €9.50




## Na Náisiúin Aontaithe: Ag Déanamh Síochána

Leabhar eolais ina rianaítear stair agus obair na heagraíochta idirnáisiúnta.


ISBN 978-1-85791-528-0
€9.50




## Coimhlint sa Mheán-Oirthear

Leabhar eolais a dhéanann plé ar údar na coimhlinte idir Iosrael agus na tíortha Arabacha.


ISBN 978-1-85791-541-9
€9.50




# Cúrsaí Dúlra agus Imshaoil


## Líon an Dúlra

Nuachtlitir leictreonach spreagúil í seo faoin dúlra agus faoi chúrsaí timpeallachta. Tá míreanna spéisiúla ann faoin saol mórthimpeall orainn mar aon le cuardaigh focal, oidis etc. Foilsítear eagrán uair in aghaidh an tséasúir. Le híoslódáil saor in aisce ó **www.angum.ie**



## An Triail Máiréad Ní Ghráda

Is maith an teist é ar an dráma go bhfuil sé fós á léamh, agus níos tábhachtaí fós, á léiriú, sa lá atá inniu ann. Is saothar ríthábhachtach é, a bhronnann léargais úra orainn go fóill. An Dr Éadaoin Ní Mhuircheartaigh (An Réamhrá).



RADHARC 1

*Ceol:* 'Siúil, a ghrá . . .'

*Sula n-ardaítear an brat ritheann* GARSÚIN NUACHTÁN *isteach.*

GARSÚIN. Páipéar an tráthnóna. Tragóid uafásach. Páipéar an tráthnóna . . . Páipéar . . . Tragóid sa chathair . . .

GLÓR MHÁIRE. Mharaigh mé mo leanbh de bhrí gur cailín í. Fásann gach cailín suas ina bean. Ach tá m'iníon saor. Tá sí saor. Ní bheidh sí ina hóinsín bhog ghéilliúil ag aon fhear. Tá sí saor. Tá sí saor. Tá sí saor.


GARSÚIN. (*Iad ag rith isteach*) Páipéar an tráthnóna. Tragóid uafásach. Páipéar . . . Páipéar.

*Tagann* ATURNAE AN STÁIT. *Bagraíonn sé ar na garsúin agus imíonn siad. Labhraíonn seisean os comhair an bhrait amach.*

ATURNAE 1. A uaisle, iarraim é seo oraibh — aon ní atá cloiste agaibh, nó aon ní atá léite agaibh i dtaobh na cúise seo, é a chur as bhur n-aigne. Éistigí leis an bhfianaise a thabharfar os bhur gcomhair, agus tugaigí bhur mbreith de réir na fianaise sin agus de réir na fianaise sin amháin. An príosúnach a bheidh os bhur gcomhair, tá coir uafásach á cur ina leith. Tá dúnmharú á cur ina leith — gníomh gránna danartha, gníomh a iarann díoltas ó Dhia, agus ó dhaoine. Cailín óg í, agus b'fhéidir go mbeadh trua ag cuid agaibh di dá réir. Ach má chruthaítear gur dhein sí an gníomh gránna danartha sin, níl cead agaibh i láthair Dé ná

22

Tá cáil An Triail imithe i bhfad is i gcéin ó céadléiríodh é in 1964. Tá breis tráthúlachta leis le tamall anuas lena bhfuil tagtha chun solais go poiblí faoin tslí ar caitheadh le mná óga neamhphósta a bhí ag iompar clainne. Baineann gnéithe suaithinseacha le ceardaíocht an dráma chomh maith, leis an tslí a gcuirtear ábhar an dráma i láthair fara cruinneas agus cumhacht na scríbhneoireachta féin. Pléitear na nithe sin ar fad sa réamhrá tathagach atá leis an eagrán nuachóirithe seo de cheann de mhórshaothair na Nua-Ghaeilge.





ISBN 978-1-85791-973-8
€6.95


## Úrscéalta do dhéagóirí


Tá soláthar breá d'ábhar scíthléitheoireachta do dhéagóirí foilsithe ag an nGúm.

Tá cur síos orthusan le fáil **ar www.angum.ie**






## www.focloir.ie

Foclóir nua Béarla-Gaeilge. Eolas gramadaí agus comhaid fuaime ag dul leis an ábhar Gaeilge.

Foclóir.ie

## www.teanglann.ie

**EID agus FGB**

Ar an suíomh seo tá leaganacha inchuardaithe leictreonacha de *English-Irish Dictionary* (de Bhaldraithe, 1959) agus de *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Ó Dónaill, 1977), an dá fhoclóir atá mar phríomhfhoinsí tagartha ag pobal na teanga le fada.


# Ábhar Scíthléitheoireachta

## An Capall agus a Ghiolla **C.S. Lewis**


*Antain Mac Lochlainn a chuir Gaeilge air*

Is Capall Cainte é Brí agus is giolla bocht é Seasta. Socraíonn siad ar imeacht as tír na Calairméine agus saol an sclábhaí a fhágáil ina ndiaidh. Ní fada ar an bhóthar iad go gcastar beirt eile orthu atá ag éalú fosta – an cailín uasal Aravios agus a compánach féin, Capall Cainte eile darb ainm Bhuin. Tiocfaidh an ceathrar seo i gcabhair ar Nairnia in am an éigin agus foghlaimeoidh Seasta nach bhfuil aon dul ón chinniúint.

Seo an dara leabhar i sraith cháiliúil *Croinicí Nairnia* atá aistrithe ag Antain Mac Lochlainn. Tá bailchríoch chomh paiteanta, snasta céanna curtha aige ar an cheann seo is a chuir sé ar *An Leon, an Bandraoi agus an Prios Éadaigh*.




ISBN 978-1-85791-951-6
€12




ISBN
978-1-85791-982-0
**€9**

## Dracula **Bram Stoker**

'Go dtaga tú de do dheoin, go n-imí tú slán agus go bhfága tú i do dhiaidh a bheag nó a mhór dár thug tú leat de shona.'

Eagrán nua é seo den aistriúchán iomráiteach a rinne Seán Ó Cuirrín ar mhórshaothar uafáis Bram Stoker. Gach braon den bheocht a chuir fear Chluain Tarbh sa bhunscéal, d'aistrigh an Cuirríneach go snasta é sa chlasaic seo a foilsíodh den chéad uair in 1933.


ISBN 978-1-85791-916-5 €9.95

## Tír na Deo **J.M. Barrie**

*Máiréad Ní Ghráda a rinne an leagan Gaeilge*

Atheagrán de leagan cáiliúil Mháiréad Ní Ghráda de Peter Pan. Ba sa bhliain 1938 a chéadfhoilsigh an Gúm *Tír na Deo*. Ní aistriúchán díreach ar cheann ar bith de na heagráin Bhéarla de *Peter Pan* a bhí sa saothar, ach athinsint Ghaeilge ar an scéal ó pheann Mháiréad Ní Ghráda.

Tá an litriú tugtha de réir an chaighdeáin oifigiúil san eagrán athchóirithe seo. Tá mar bharr maise ar an saothar seo na léaráidí sin le Mabel Lucie Atwell a chuaigh i bhfeidhm chomh mór sin ar na léitheoirí in 1938. Éalaigh leat, a léitheoir, agus téigh chun cónaithe i measc na sióg i dTír na Deo. Is ann atá Peadairín Pan – ní rachaidh aon lá aoise air siúd ann go deo na ndeor, ná ortsa agus é i do theannta.




ISBN
9781857919455
€10

# An Stair: téacsanna agus saothair thagartha

## An Pholaitíocht agus an tSochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993 (Stair na hÉireann, Rogha 5)

**Francis T. Holohan**

Is é atá sa téacsleabhar seo ná An Pholaitíocht agus an tSochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993, arb é Rogha 5 é sa Réimse Staidéir Staire Stair na hÉireann, 1815-1993 i Siollabas na hArdteistiméireachta. Is leagan Gaeilge é ar *Politics and Society in Northern Ireland, 1949-1993*. Tá Gluais chuimsitheach Gaeilge-Béarla i gcúl an leabhair agus i mbun na leathanach.

€15




ISBN 978-1-85791-926-4

## Náisiúnstáit agus Teannas Idirnáisiúnta, 1871-1920

### An Eoraip agus an Domhan Mór, Rogha 2

**Seán Delap**



ISBN 978-1-85791-670-6


€16.50

Tá an téacsleabhar seo dírithe ar Réimse Staidéir Staire An Eoraip agus an Domhan Mór, 1815-1992 i Siollabas na hArdteistiméireachta. Cuid thábhachtach den staidéar ar an Stair sa siollabas is ea úsáid a bhaint as doiciméid. Ligeann sin don dalta a bheith ina stáraí, tríd an ábhar stairiúil a bhaineann leis na gnéithe liostaithe den chúrsa a scrúdú go mion. Tá foclóirín bun leathanaigh agus foclóirín cúil léi.

## Deachtóireacht agus Daonlathas, 1920-1945 (Rogha 3)

**Seán Delap**

€16.80



Téacsleabhar atá dírithe ar Réimse Staidéir Stair na hEorpa agus an Domhain Níos Leithne, 1815-1992, i Siollabas na hArdteiste.

## Ar Thóir an Fhlaithis, agus Tionchar na Críochdheighilte, 1912-1949

**Vincent Foley**

Tá an téacsleabhar seo dírithe ar Réimse StaidéirStair na hÉireann, 1815-1993 i Siollabas na hArdteistiméireachta.




€19.95

## Na Náisiúin Aontaithe: Ag Déanamh Síochána

**Leabhar eolais ina rianaítear stair agus obair na heagraíochta idirnáisiúnta.**

€9.50





ISBN 978-1-85791-528-0

## Coimhlint sa Mheán-Oirthear

Leabhar eolais a dhéanann plé ar údar na coimhlinte idir Iosrael agus na tíortha arabacha.

€9.50




ISBN 978-1-85791-541-9


# Staidéar Foirgníochta / An Fhisic / An Ealaín

## Staidéar Foirgníochta

**Téacsleabhar foirgníochta do chúrsa na hArdteiste.**

Is aistriúchán é an leabhar seo ar *Get Constructive* le Eva Corcoran, Sean King agus William Nolan. Tá cur síos glan simplí ann ar gach gné den siollabas, maille le léaráidí daite agus gluais de théarmaí chun cabhrú leis an dalta. Crochfar caibidlí as an leabhar ar www.angum.ie de réir mar a chuirtear an t-ábhar in eagar agus beidh siad ar fáil saor in aisce go dtí go mbeidh an leabhar féin réidh le cur i gcló. Tá leagan Pdf den téacsleabhar seo ar fáil ar **www.angum.ie**




€25

ISBN 978-1-85791-749-9

## Fisic don Ré Nua

**Dan O'Regan**

Scríobhadh an téacsleabhar seo le freastal ar Shiollabas na hArdteistiméireachta, agus tá cúrsa iomlán ann do dhaltaí Ardleibhéil agus Bunleibhéil. Leagtar béim ar leith ar theoiricí na fisice a úsáid agus a chur i bhfeidhm sa ghnáthshaol. Tugtar sainmhínithe, rialacha agus coincheapa tábhachtacha i mboscaí téacs ar imeall na leathanach agus ag deireadh gach rannóige tá fadbhanna agus na freagraí a ghabhann leo. Tá leagan Pdf den téacsleabhar seo ar fáil ar www.angum.ie

## Tuiscint don Ealaín

Cúrsa iomlán na hArdteistiméireachta. Leagan Gaeilge é seo den leabhar *Appreciating Art for Leaving Certificate* le hÁine Ní Charthaigh agus Aidan O'Sullivan. Is i bhfoirm leictreonach amháin atá an téacleabhar seo á chur ar fáil. Féadfaidh múinteoirí teacht air ar **www.angum.ie**.







€5

## Leathchéad Péintéir Éireannach


**Michael Wynne**

Leathchéad pictiúr oladhathanna roghnaithe ag an údar ón mórchnuasach ealaíne atá sa Dánlann Náisiúnta, ó Ghaspar Smitz a chláraigh le cuallacht Naomh Lúcás i mBaile Átha Cliath i 1681 go dtí Jack Yeats, mórphéintéir na tíre sa 20ú hAois.

# An Mhatamaitic / An Gnó / An Téarmaíocht

## Téacs & Trialacha 3: Tionscadal Mata

**O.D. Morris, Paul Cooke, Paul Behan**




Matamaitic na hArdteistiméireachta ar an nGnáthleibhéal
**Snáitheanna 1-5**
Tá réimse mór ceisteanna sa leabhar seo a threoraíonn na daltaí ón leibhéal is bunúsaí go dtí caighdeán an scrúdaithe. Tá siad curtha i gcomhthéacs an ghnáthshaoil ar mhaithe le húsáid matamaitice sa chomhthéacs sin a léiriú.

I dtaca le téacsleabhair eile na sraithe seo, Tionscadal Mata, féach an t-eolas agus na comhaid Pdf atá ar **www.cogg.ie**





## An Gnó - Saol Dinimiciúil: Cuid a hAon

**Gregory O'Connor & John Roebuck**

Gnó na hArdteistiméireachta: Cuid 1

Is é aidhm an leabhar seo tuiscint ar thábhacht na fiontraíochta a chothú, agus dearcadh dearfach agus eiticiúil a chruthú i leith na fiontraíochta i saol an ghnó agus i saol an dalta féin.

ISBN 1-85791-523-2 €12.00




## An Gnó – Saol Dinimiciúil : Cuid a Dó

**Gregory O'Connor & John Roebuck**

Clúdaítear na téarmaí seo a leanas sa leabhar seo: An Bhainistíocht, An Fhiontraíocht, An Gnó Idirnáisiúnta agus An Timpeallacht Idirnáisiúnta Trádála. Tá gluais i mbun na leathanach chomh maith le gluais chuimsitheach Gaeilge-Béarla i gcúl an leabhair freisin.

ISBN 978-1-85791-477-1 €12.00

## An Téarmaíocht

**www.tearma.ie**

Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge ar fáil ar líne.

# FOIRM ORDAITHE

| Líon | Teideal | Uimhir Chatalóige | Praghas € |
|---|---|---|---|
| | Amach | GR1699 | 7.95 |
| | An Capall agus a Ghiolla | GR1867 | 12.00 |
| | An Chathair is a Tuairisc | GR1618 | 9.00 |
| | An Chill | GR1608 | 4.00 |
| | An Ciorcal | GR1671 | 4.00 |
| | An Córas Díleáite | GR1809 | 4.00 |
| | An Croí | GR1808 | 4.00 |
| | An Domhan | GR1616 | 4.00 |
| | An tEitleán Dofheicthe | GR1890 | 9.00 |
| | An Eoraip | GR1669 | 4.00 |
| | An Fear a Chuireadh Crainn | GR1599 | 5.95 |
| | An Frog | GR1611 | 4.00 |
| | An Ghrafaic Theicniúil (Leabhar Saothair) | IT567 | 6.50 |
| | An Ghrafaic Theicniúil (Téacsleabhar) | IT566 | 15.00 |
| | An Gnó – Saol Dinimiciúil: Cuid 1 | IT430 | 12.00 |
| | An Gnó – Saol Dinimiciúil: Cuid 2 | IT412 | 12.00 |
| | An Grianchóras | GR1725 | 4.00 |
| | An Nítrigin | GR1613 | 4.00 |
| | An Phéist Talún | GR1609 | 4.00 |
| | An Triail | IT657 | 6.95 |
| | An tSúil | GR1610 | 4.00 |
| | An tUisce: Sú na Beatha | GR1782 | 7.50 |
| | Ar Thóir an Fhlaithis, agus Tionchar na Críochdheighilte | IT583 | 19.95 |
| | Athchleachtaí Staire don Teastas Sóisearach | IT403 | 6.50 |
| | Beo Beathach! Cuid 1 | IT445 | 16.50 |
| | Beo Beathach! Cuid 2 | IT504 | 9.50 |
| | Beo Beathach! (Leabhar Saothair) | IT446 | 6.50 |
| | Codáin | GR1674 | 4.00 |
| | Coimhlint sa Mheán-Oirthear | GR1726 | 9.50 |
| | Cora Cinniúna | GR1453 | 10.00 |
| | Dé Ocsaíd-Charbóin | GR1614 | 4.00 |
| | Deachtóireacht agus Daonlathas, 1920-1945 | IT407 | 16.80 |
| | Dracula | GR1847 | 9.95 |
| | Éire: Léarscáil Bhalla | IT406 | 5.50 |
| | Faoi Cheilt | GR1888 | 8.00 |
| | Fisic don Ré Nua | IT617 | 25.00 |
| | Foclóir Póca | IT641 | 7.50 |
| | Gluaiseacht | GR1794 | 7.50 |
| | Laochas | GR1332 | 5.50 |
| | Leathchéad Péintéir Éireannach | IT337 | 5.00 |
| | Miotalóireacht Bhunúsach | IT245 | 7.50 |
| | Na Fiacla | GR1666 | 4.00 |
| | Na Mairbh a d'Fhill | GR1889 | 9.00 |
| | Na Náisiúin Aontaithe: Ag Déanamh Síochána | GR1723 | 9.50 |
| | Na Séasúir | GR1665 | 4.00 |
| | Náisiúnstáit agus Teannas Idirnáisiúnta, 1871-1920 | IT472 | 16.50 |
| | Óró na Circíní | GR1836 | 6.95 |
| | Polagáin | GR1673 | 4.00 |
| | Ré Órga na Mainistreacha | GR1721 | 9.50 |
| | Scoil an Chnoic | GR1773 | 8.50 |
| | Smuf | GR1819 | 6.50 |
| | Teas | GR1615 | 4.00 |
| | Teicneolaíocht Ábhar – Adhmad (Leabhar Saothair) | IT381 | 7.00 |
| | Teicneolaíocht Ábhar – Adhmad (Téacleabhar) | IT323 | 15.50 |
| | Tír na Deo | GR1863 | 8.00 |
| | Traenacha in Éirinn | GR1825 | 9.50 |
| | Triantáin | GR1670 | 4.00 |
| | Uillinneacha | GR1672 | 4.00 |
| | Uisce | GR1612 | 4.00 |